



## Preasráiteas

Lucsamburg, 01 Meitheamh 2022

# Is beag feabhas atá ar iomaíochas fhiontair bheaga ó thacaíocht an Aontais

Is cuid ríthábhachtach iad fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) do gheilleagar an Aontais. Níor bhain siad go leor tairbhe as gníomhaíocht an Aontais a bhí dírithe ar a n-iomaíochas a fheabhsú áfach. Is í sin an chonclúid atá ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa i dtuarascáil speisialta a foilsíodh inniu. Mhúscail cistí an Aontais FBManna le haghaidh infheistíocht a dhéanamh, ach bhí a dtionchar agus a n-éifeachtúlacht ar iomaíochas teoranta go leor, sa mhéid nár bhain formhór na FBManna a fuair tacaíocht aon fhíorthairbhe as tacaíocht an Aontais. Tathantaíonn na hiniúchóirí ar an gCoimisiún Eorpach agus ar na Ballstáit chun úsáid níos fearr a bhaint as cistiú an Aontais, ionas go dtugann sé cabhair do FBManna go héifeachtúil.

Is iad na fiontair bheaga agus mheánmhéide bunchlocha gheilleagar an Aontais, ina bhfostaítear beagnach dhá thrían (63 %) den fhórsa saothair san Aontas agus a ghineann leath (52 %) den bhreisluach san Aontas. Bíonn sé deacair orthu uaireanta, áfach, nuair a dhéanann siad iarracht dul in iomaíocht le cuideachtaí atá níos mó ná iad. Tá beartais ag an Aontas a dhíríonn ar dhul i dtaca le FBManna, go háirithe trí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE). Le linn na tréimhse 2014-2020, rinne cláir a fuair cistiú ó CFRE os cionn€54.4 billiún a dháileadh chun iomaíochas FBManna a fheabhsú, agus cuireadh cistí breise ón Aontas ar fáil mar fhreagra ar phaindéim COVID-19. Ach tháinig na hiniúchóirí ar an gconclúid nár chuir sé sin go suntasach mór le hiomaíochas FBManna.

*“Mar chloch choirnéil gheilleagar an Aontais Eorpaigh, is gá dul i dtaca le FBManna mar a thosaíonn siad amach agus mar a théann a ngníomhaíochtaí i mbun fáis”, a dúirt Pietro Russo, an Comhalta CIE freagrach as an iniúchadh. “Maidir le tacaíocht ó CFRE le blianta beaga anuas, áfach, ní dhearna sé difear suntasach do leibhéal iomaíochais foriomlán na FBManna, rud a chaitheann amhras éigin ar na buntáistí a bhaineann le gníomhaíocht AE sa réimse seo.”*

Tá breis agus 20 milliún FBM ar fud na mBallstát san Aontas. Beartaíodh go dtabharfadh CFRE tacaíocht dhíreach do 800 000 dóibh faoi dheireadh 2019. Ní raibh ceangal ar na Ballstáit faoi Rialachán CFRE straitéisí a leagan amach maidir leis an gcaoi is fearr le hiomaíochas a gcuid FBManna a mhéadú, agus ba dheacair a chinntiú mar sin go raibh an cistiú ón Aontais ag spríodhíriú ar na gnóthaí agus ar na réimsí sin a raibh an acmhainn fáis ba mhó acu. Ar an meán,

*Is é is cuspóir don phreasráiteas seo ná príomhtheachtaireachtaí na tuarascála speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a chur in iúl. Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ag [eca.europa.eu](https://eca.europa.eu).*

## ECA Press

12, rue Alcide De Gasperi – L-1615 Luxembourg

E: [press@eca.europa.eu](mailto:press@eca.europa.eu) @EUAuditors [eca.europa.eu](https://eca.europa.eu)

sholáthair cláir CFRE thart ar €42 000 do gach FBM tairbhíoch. Cruthaíonn an fíor sin cur i gcéill áfach, toisc go raibh difríochtaí suntasacha ann idir na Ballstáit, agus bhí an dearbh-mhéid de chistiú a fuair gach FBM tairbhíoch ag dul idir thart ar €392 000 in aghaidh an tionscadail san Ostair go dtí faoi €1 000 in Éirinn. Is é an rabhadh atá ag na hiniúcháirí ná go bhféadfaí go mbainfeadh deacrachtaí le méid mór FBManna a chistiú, óir tá baol ann nach mbeadh na tionscadail ar mhionscála in ann mais chriticiúil a bhaint amach a bhfuil gá léi chun fíordhifríocht a dhéanamh d'iomáiochas FBManna.

Go praiticiúil, cuireadh an tromlach de chistiú CFRE ar leataobh do thacaíocht trí thionscadail neamhspleácha a bhí spriocdhírthe ar FBManna aonair. Léiríonn an t-iniúchadh nár ghin na tionscadail sin ach éifeachtaí iarmhartacha teoranta, áfach, rud a laghdaigh tionchar domhanda na tacaíochta ón Aontas. I roinnt cásanna, bhí tionchar diúltach fiú ag an gcistiú ó CFRE ar ionchais eacnamaíochas FBManna a bhí in iomaíocht sna margaí céanna nach bhfuair tacaíocht. Thug na hiniúcháirí faoi deara freisin gur minic a thug na tionscadail aghaidh ar thoisic iomaíochais sonracha gan bhearta a ghlacadh chun éifeachtúlacht an tionscadail a chinntiú, ná chun freagairt ar riachtanais gnóthaí le tuiscint níos leithne, cur i gcás an gá lucht oibre oilte a fháil, déileáil le bacainní rialála agus ualaí riaracháin a bhainistiú. Mar thoradh air sin, fuair roinnt FBManna acmhainní suntasacha gan a n-iomaíochas ginearálta a fheabhsú, a chinn na hiniúcháirí.

Laghdaigh eilimintí eile éifeachtúlachta na tacaíochta AE, a deir na hiniúcháirí. Áiríodh nósanna roghnúcháin leis sin, a bhí ró-neamhuailmhianach go ginearálta, agus ní cuireadh le chéile iad chun maoiniú a dhámhachtain ar na tograí tionscadail ba iomaíche. Tugadh maoiniú d'fhorhór na dtograí a bhain an scór íosta amach, gan aon tagarmharcáil nó iomaíochas a bheith ann idir iarratais. Rinneadh neamhaird do ghnéithe amhail méaduithe inbhuanaithe san iomaíocht nó forbairt margaidh, agus ní raibh ach miontionchar ag an nuálaíocht nó taighde agus forbairt ar chinntí. Dá bharr sin, níor dáileadh cistí AE go príomha do FBManna is mó a bhfuil gealladh fúthu.

Faoi dheireadh, tá ceist ag na hiniúcháirí faoi bhreisluach na gcistí sin. Tugann siad faoi deara go mbeadh infheistíocht chomhchosúil déanta ag formhór na FBManna pé scéal é, le cistiú poiblí nó dá uireasa, lena ndeimhnítear an baol go mbeadh marbhualach sa chineál seo tacaíochta ón Aontas, saincheist ar tharraing an Chúirt aird uirthi go minic.

### Faisnéis chúlra

San Aontas Eorpach, is éard atá i gceist le FBManna ná gnólachtaí a bhfuil níos lú ná 250 duine fostaithe iontu agus a bhfuil láimhdeachas bliantúil acu nach mó ná € 50 milliún nó clár comhardaithe bliantúil nach mó ná € 43 milliún. Tá Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (CSIE), agus go háirithe Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), i measc na glár AE is mó a thugann tacaíocht airgeadais do FBManna. Le linn na tréimhse 2014-2020, rinne cláir a fuair cistiú ó CFRE €54.4 billiún a dháileadh chuig bearta a bhain le FBManna trí thosaíochtaí sonracha ar a dtugtar cuspóirí téamacha. D'fhéadfadh formhór na gcuspóirí téamacha faoi CFRE rannchuidiú go díreach nó go hindíreach le hiomaíochas a mhéadú do FBManna. Is í cuspóir téamach 3, 'Iomaíochas FBManna a fheabhsú', an dara cuspóir téamach is mó ó thaobh méid na gcistí CFRE a dháiltear, lena gcuimsítear €40.3 billiún as an iomlán €201.5 billiún de chistiú CFRE a dháiltear faoi bhuiséad an Aontais amhail Meitheamh 2021. Ar an iomlán, tagann trí cheathrúna de chistiú CFRE do FBManna (75 %) i bhfoirm thacaíochta dhíreach.

Tá Tuarascáil speisialta 08/2022: *“Tacaíocht CFRE d’iomaíochas FBManna: laghdaíonn laigí ina dearadh éifeachtacht an chistithe”*, ar fáil ar shuíomh gréasáin na Cúirte ([eca.europa.eu](http://eca.europa.eu)).

I mBealtaine na mbliana seo, d'fhoilsigh an Chúirt Tuarascáil speisialta freisin faoi [chláir an Aontais chun cabhrú le FBManna rochtain a fháil ar mhargaí idirnáisiúnta](#).

Cuireann Cúirt Iniúchóirí na hEorpa a tuarascálacha speisialta faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus Chomhairle an Aontais Eorpaigh, chomh maith le páirtithe leasmhara eile amhail parlaimintí náisiúnta, geallsealbhóirí tionscail agus ionadaithe ón tsochaí shibhialta. Cuirtear tromlach mór na moltaí a dhéantar sna tuarascálacha i bhfeidhm.

### **Teagmháil phreasa**

Preasoifig CIE: [press@eca.europa.eu](mailto:press@eca.europa.eu)

- Vincent Bourgeois: [vincent.bourgeois@eca.europa.eu](mailto:vincent.bourgeois@eca.europa.eu) - T: (+352) 691 551 502
- Damijan Fišer: [damijan.fiser@eca.europa.eu](mailto:damijan.fiser@eca.europa.eu) - T: (+352) 621 552 224
- Claudia Spiti: [claudia.spiti@eca.europa.eu](mailto:claudia.spiti@eca.europa.eu) - T: (+352) 691 553 547